

Cor Poist ón nGaelAonad bunscoile do Mhí na Samhna 2024

A chomhmhúinteoir, a chara, Tá súil againn go raibh briseadh deas agat. Go raibh maith agat as clárú don chor poist seo. Tá roinnt scéalta, smaointí agus acmhainní á roinnt ag foireann na Gaeilge, bunscoile leat an mhí seo.

Gaeilge 24: Conradh na Gaeilge



Ar an Máirt, 12 Samhain beidh breis is 30,000 dalta ag labhairt as Gaeilge ar feadh 24 uair a chloig mar chuid de GAEILGE 24 atá mar chuid d'fheachtas Gaeilge4All. Bunaíodh Gaeilge4All chun tacú le forbairt na Gaeilge ar fud na tíre. Is deis í seo an Ghaeilge a úsáid lasmuigh de cheachtanna Gaeilge chun eispéireas uathúil agus dearfach in úsáid na Gaeilge a chothú ar fud na scoile agus sa bhaile.

I mbliana is í **Todhchaí na Gaeilge** an téama atá ann don lá seo agus tá clár imeachtaí curtha le chéile ag GAEILGE 24, a thabharfaidh léargas den réimse leathan bealaí go bhféadfadh leis an nGaeilge cur lenár saol. Guíonn Oide gach rath ar na scoileanna a bheidh páirteach i mbliana, mar a deir an seanfhocal 'Beatha teanga í a labhairt'.

Mo cheol sibh!

Is féidir gach eolas a fháil faoi GAEILGE 24 [anseo](#) nó ó [CNAG.ie/Gaeilge24](https://www.cnag.ie/Gaeilge24)

Tionól Forbartha Gaeloideachas i bpáirt le COGG 2024

Beidh ceannairí scoile agus múinteoirí ó bhunscoileanna agus iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta ag freastal ar an Tionól Forbartha ar an 22 de Mhí na Samhna in Óstán Slieve Russell. Eagraíonn Gaeloideachas an tionól seo go bliantiúl i gcomhpháirt le COGG. Beidh an deis ag rannpháirtithe freastal ar cheardlainne foghlama gairmiúla agus beidh deiseanna iontacha ann don phlé gairmiúil. Guíonn Oide gach rath an Tionól Forbartha.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoin Tionól Forbartha ag www.gaeloideachas.ie agus is féidir leat clárú [anseo](#)



Gaeilge Bheo A



Oide Tacaíocht do Mhúinteoirí Ghairníúla / Support for Professional Learning of School Leaders and Teachers

GAEILGE BHEO A

ar ais i mbliana de bharr éilimh

Cúrsa neamhfhoirmiúil ar líne, ag díriú ar an gcur chuige cumarsáideach chun an Ghaeilge a mhúineadh ar bhealach spraiúil i scoileanna lán-Bhéarla.
An informal online course focused on the communicative approach as a fun way to teach Irish in English-medium schools.

Gaeilge Bheo A
Máirt 12 Samhain 2024
Máirt 19 Samhain 2024
Máirt 26 Samhain 2024

3:00 - 4:00 i.n. | ar Zoom

Gaeilge Bheo B -
Cúrsa 3 seachtaine eile ag teacht i mí Eanáir '25
A continuation 3-week course will be available in January '25.

Cláraigh Anseo oide.ie/apply-book-now/teachers


Cláraigí gan mhoill!

Níl ach cúpla áit fágtha ar an gcúrsa seo atá dírithe ar scoileanna T2.

Trí cheardlann idirghníomhacha ar líne atá i gceist le Gaeilge Bheo A. Beifear ag díriú ar an gcur chuige cumarsáideach chun an Ghaeilge a mhúineadh ar bhealach atá spraiúil.

Toisc gur sraith ceardlann idirghníomhach é seo, beidh neart deiseanna ag múinteoirí a nGaeilge féin a úsáid agus a chleachtadh. Roinnfear go leor smaointe faoin nGaeilge a mhúineadh ar bhealach spraiúil.

Cláraigh [anseo: https://oide.ie/teachers/](https://oide.ie/teachers/)



Saibhreas Cainte

Roinntear nathanna, seanfhocail éagsúla go míosúil anseo chun tacú le múinteoirí saibhreas na Gaeilge a chur chun cinn in seomraí ranga féin. Tapaigí an deis leas a bhaint astu chun cur le teagasc agus foghlaim na Gaeilge!

Nathanna don saibhreas teanga

- ag obair as lámh a chéile (ag obair le daoine eile)
- Tá bua na scríbhneoireachta/na cainte go smíor ionat (Is léir go bhfuil tallann don scríobh/don chaint agat)
- Ba mhór an gliondar a bhí orm/ Bhí lúcháir mhór orm (Bhí mé an-sásta)
- Más buan mo chuimhne (Má tá mo chuimhne i gceart)
- Bhí dul amú orm faoi sin (Ní raibh an ceart agam faoi sin)
- Ba cheart dul i gcomhairle le do chara (Ba cheart plé a dhéanamh le do chara faoi)
- Más mall is mithid (Is fearud a bheith déanta déanach, ná gan é a bheith déanta in aon chor)
- Tabhair buille faoi thuairim (Déan tomhais, muna bhfuil tú cinnte)
- Ba mhaith liom bhuir n-aird a dhíriú ar (Ba mhaith liom go bhféachfaidh sibh ar)
- Níl léamh, scríobh ná insint béil air (Ní féidir cur síos a dhéanamh air)

Samhail agus dath

Bainigí triail as samhlacha seo.

Comh dearg le caor/fuil
Comh dubh le préachán
Chomh buí le hór
Chomh glas le féar
Chomh gorm le plúirín gorm / leis an spéir
Chomh bán le bainne
Chomh corcra le fraoch
Chomh rua le sionnach / madra rua
Chomh donn le seacláid
Chomh liath le broc / luch

Samhain - Tús an gheimhridh

Tá an fómhar caite
Tá an geimhreadh ina thús
Tá an gaoth ghéar ag séideadh
Is an bháisteach ag dóirteadh anuas!

Seanfhocal na Míosa

An té nach gcuireann san
Earrach, ní bhaineann sé
san fhómhar

FCÁT

Éascaíonn cur chuige FCÁT soláthar gnéithe den churaclam i nGaeilge i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla. Tá beagnach 100 scoil ag glacadh páirte i dtionscadal FCÁT na Roinne don Ghaeilge i ranganna corpoideachais faoi láthair. Tá obair iontach ar siúl ag na múinteoirí sna scoileanna seo ag spreagadh na Gaeilge labhartha sa scoil le tacaíocht ó fhoirne Oide. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar ár suíomh ag an nasc [seo](https://oide.ie/irish-medium/baile/fcat/https://oide.ie/irish-medium/baile/fcat/)

Más maith leat tuilleadh léitheoireachta bunaithe ar an taighde is déanaí ón CNCM ar FCÁT/CLIL a dhéanamh, tá cáipéis ábhartha ar fáil [anseo](#)



Acmhainn na míosa

Teicneolaíocht urlabhra don Ghaeilge. Bainigí triail as an tsintéiseoir cainte seo. Is féidir téacs a chóipeáil ann agus léifear é i do rogha canúna

<https://www.abair.ie/ga/synthesis>

Má ritheann aon cheist leat, fáiltímid roimh chomhfhreagras uait. Níl le déanamh agat ach ríomhphost a sheoladh chuig eolas@oide.ie.

Leanaigí sinn ar  [@OidePrimGaeilge](#)

Le dea-mhéin,

Foireann na Gaeilge, Bunscoile, Oide

An té nach gcuireann san Earrach, ní bhaineann sé san fhómhair.